



An Bhruiséil, 14 Iúil 2023
(OR. en)

10769/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0033(NLE)**

**RECH 289
COMPET 639
IND 326
MI 539
TELECOM 208**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach, a mhéid a bhaineann leis an gComhghnóthas um Shliseanna - Glacadh

1. An 8 Feabhra 2022, rinne an Coimisiún an togra thuasluaite¹ le haghaidh leasú ar Rialachán a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 15 Meitheamh 2022².
3. Cheap Parlaimint na hEorpa Eva MAYDELL (EPP, BG) ina rapóirtéir don togra seo. Ghlac Parlaimint na hEorpa an tuarascáil uaithi ag seisiún iomlánach an 15 Feabhra 2023 le 594 vóta ina fabhar, 15 vóta ina coinne, 27 ag staonadh ón vótáil.

¹ 6171/22.

² IO C 365, 23.9.2022, lch. 40-43.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach, a mhéid a bhaineann leis an gComhghnóthas um Shliseanna, mar a leagtar amach in 10164/23 é, a ghlacadh mar mhír ‘A’ ar chlár oibre do chruinniú a bheidh ag an gComhairle amach anseo.

 5. Mura mbeidh aon chruinniú córam ag an gComhairle roimh an 26 Iúil 2023, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn le go nglacfar an Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach, a mhéid a bhaineann leis an gComhghnóthas um Shliseanna
-